








Samhlaigh go bhfuil tú ag déanamh siopadóireachta le do theaghlach. Úsáid an tábla anseo thíos chun cabhrú leat an rogha is inbhuanaithe a dhéanamh (an bia is fearr don chomhshaol). ***Ná déan dearmad, is inbhuanaithe i bhformhór na gcásanna bia a tháirgtear go háitiúil in Éirinn a cheannach.***

Sa tábla thíos feicfidh tú cuid de na tíortha as a seoltar bia go hÉirinn agus an líon mílte a bhíonn le taisteal ag an mbia sula mbaineann sé Éire amach.

Ag teacht ó	Fad an aistir go hÉirinn
 <b>An Afraic Theas</b>	5,840 míle (9,397 ciliméadar)
 <b>An Spáinn</b>	902 míle (1,451 ciliméadar)
 <b>An Cósta Eabhair</b>	3,214 míle (5,172 ciliméadar)
 <b>An Ríocht Aontaithe</b>	288 míle (463 ciliméadar)
 <b>Cósta Ríce</b>	5,167 míle (8,314 ciliméadar)
 <b>Éire</b>	-----


is meastacháin shlánaithe iad na figiúirí ar fad bunaithe ar an eolas atá le fáil ar [foodmiles.com](http://foodmiles.com)

1. Tá dhá chineál abhacáid ar díol sa mhargadh. '**An Afraic Theas**' atá ar lipéad amháin. '**An Spáinn**' atá ar an lipéad eile. Cé acu ceann a bhfuil an bia-aistear is giorra ag baint leis?




Is é an t-abhacád ón \_\_\_\_\_  
a bhfuil an bia-aistear is giorra ag baint leis.


2. Tá dhá chineál cáise céadair ar díol sa mhargadh. '**Somerset, Sasana**' atá ar lipéad amháin. '**Corcaigh, Éire**' atá ar an lipéad eile. Cé acu ceann a bhfuil an bia-aistear is giorra ag baint leis?



Is í an cháis chéadair ó \_\_\_\_\_  
a bhfuil an bia-aistear is giorra ag baint léi.



3. Tá anainn ar shladmhargadh! 'Cósta Ríce' atá ar lipéad amháin. 'An Cósta Eabhair' atá ar an lipéad eile. Cé acu ceann a bhfuil an bia-aistear is giorra ag baint leis?



Is é an t-anann ó \_\_\_\_\_  
a bhfuil an bia-aistear is giorra ag baint leis.

4. Comhair! Cé mhéad míle ar an iomlán a thaistil an t-abhacád, an cháis agus an t-anann?  
\*Leid\* níl mílte ar bith i gceist le hearraí ó Éirinn:

Líon iomlán mílte don abhacád +


Líon iomlán mílte don cháis +

Líon iomlán mílte don anann +

Mo líon iomlán mílte =

5. Cén rud ar féidir leat súil a choinneáil amach dó a inseoidh duit go bhfuil do bhainne saothraithe i bPoblacht na hÉireann?

\_\_\_\_\_



6. Cé is moite de bhia-aistear, céard iad an dá rud eile is féidir linn a chur san áireamh agus bia á cheannach againn:

a. \_\_\_\_\_

b. \_\_\_\_\_

### An dteastaíonn uait dul níos faide?

- Féach [foodmiles.com](http://foodmiles.com) in éineacht le duine fásta/caomhnóir chun eolas a fháil ar bhia-aistear cuid de na rudaí atá i do chuisneoir!
- Téigh chuig [www.bordbia.ie/whats-in-season/best-in-season/calendar/september](http://www.bordbia.ie/whats-in-season/best-in-season/calendar/september) chun féilire a íoslódáil de bhia atá i séasúr. Croch an féilire sin sa bhaile le go mbeidh tú níos eolaí agus tú sa mhargadh!

